Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14642/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0272(NLE)**

**ECOFIN 1165**
**FIN 923**
**UEM 356**
**CADREFIN 152**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 492 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 492 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 492 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2024
COM(2024) 492 final

2024/0272 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia a fhormheas**

{SWD(2024) 240 final}

GA GA

2024/0272 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia a fhormheas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSeicia an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 1 Meitheamh 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3].

(2) An 13 Meán Fómhair 2024 rinne an tSeicia iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an a bhonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an tSeicia.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSeicia isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 40 beart.

(4) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh 22 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le beart 1 (Athchóiriú institiúideach ar an gcóras bainistíochta le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh lena n-áirítear straitéis RIS 3), sprioc 56 faoi bheart 5 (Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra (EBSI) — bannaí DLT

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1.

[3] ST 13383/1/23; 13383/23 REV1 (en), ST 13383/1/23 ADD1 REV1

comhoiriúnacha le haghaidh maoiniú FBManna), sprioc 58 faoi bheart 6 (Tionscadail iarratais thaispeántacha 5G le haghaidh cathracha agus ceantair thionsclaíocha) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua); spriocanna 120 agus 121 faoi bheart 5 (Cabhair chun feithiclí (leictreach, H2) agus bonneagar a cheannach do bhardais, do réigiúin, do riarachán stáit agus d'eintitis phoiblí eile) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaisteacht Ghlan); garsprioc 144 faoi bheart 1 (Reachtaíocht nua maidir le bainistiú dramhaíola a chur chun feidhme i bPoblacht na Seice) faoi chomhchuid 2.7 (Geilleagar Ciorclach, Athchúrsáil agus Uisce Tionsclaíoch); beart 1 (Saoráid iasachtaí lamhháltais), beart 2 (Saoráid iasachtaí fo-ordaithe), sprioc 271 agus garsprioc 272 faoi bheart 3 (Saoráid Chomhinfheistíochta) faoi chomhchuid 2.10 (Tithíocht inacmhainne), infheistíocht 1 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt), garsprioc 185 faoi athchóiriú 1 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt), sprioc 189 faoi bheart 2 (Cumas na saoráidí réamhscoile a mhéadú), garsprioc 275 agus sprioc 279 faoi bheart 4 (Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol) faoi chomhchuid 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair a Nuachóiriú); sprioc 201 faoi bheart 1 (Líne nua ionstraimí cuasachothromais agus iasachta glaise a fhorbairt lena dtacófar leis an bhfiontraíocht) faoi chomhchuid 4.2 (Ionstraimí Cuasachothromais Nua chun Fiontraíocht agus Forbairt Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moldóive (ČMZRB) a chur chun cinn mar Bhanc Forbartha Náisiúnta); garsprioc 304 agus 305 faoi bheart 3 (Intuarthacht, trédhearcacht agus infhaighteacht an phróisis nasctha le heangacha a fheabhsú) faoi chomhchuid 7.1 (Bonneagar fuinnimh in-athnuaite agus leictreachais (REPowerEU)); sprioc 309 faoi bheart 1 (Lárionad Sonraí Leictreachais) faoi chomhchuid 7.2 (Tacú le dílárú agus digitiú na hearnála fuinnimh (REPOWER EU)), beart 1 (Seirbhísí comhairleacha a sholáthar do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí) faoi chomhchuid 7.3 (Athchóiriú cuimsitheach ar an gComhairle faoin Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice (REPOWER EU)); sprioc 326 faoi bheart 1 (Ollscoileanna a chlaochlú chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair) faoi chomhchuid 7.4 (Oiriúnú scoile – Scileanna agus inbhuanaitheacht ghlas a chur chun cinn in ollscoileanna (REPOWER EU)). Ar an a bhonn sin, d'iarr an tSeicia na garspriocanna thuasluaite agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go leasófaí an tuairisc ar bheart 1 (Athchóiriú institiúideach ar an gcóras bainistíochta le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh lena n-áirítear straitéis RIS 3) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), bearta 1 (Saoráid iasachtaí lamhháltais) agus 2 (Saoráid iasachtaí fo-ordaithe) faoi fhochuid 2.10 (Tithíocht inacmhainne), beart 1 (beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta a Athchóirú agus an Margadh Saothair a Fhorbairt) agus beart 1 (Seirbhísí comhairleacha a sholáthar do theaghlaigh, d'fhiontair agus don earnáil phoiblí) faoi chomhchuid 7.3. (Athchóiriú cuimsitheach ar an gComhairle faoin Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice (REPOWER EU)). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh 11 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt lena mbaineann á mbaint amach san am céanna. Baineann sé sin le beart 3 (Seirbhísí digiteacha don cheartas) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí); spriocanna 45 agus 46 faoi bheart 4 (Gníomhaíochtaí taighde

eolaíoch a bhaineann le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardtoillte); sprioc 69 faoi bheart 1 (Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus náisiúnta) agus sprioc 70 faoi bheart 2 (An tSaoráid Eorpach um Thástáil Tagartha agus Thurgnamhach) faoi chomhchuid 1.5 (Aistriú Digiteach Fiontar); spriocanna 103 agus 104 faoi bheart 1 (Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú) agus spriocanna 108 agus 109 faoi bheart 3 (Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí a fheabhsú) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí); garsprioc 113 faoi bheart 4 (Nuachóiriú ar dháileadh teasa i gcórais téimh ceantair) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú chuig foinsí fuinnimh níos glaine); garsprioc 183 faoi bheart 4 (Clár theagaisc) faoi chomhchuid 3.2 (Cláir scoile a oiriúnú); beart 2 (Feasacht a mhúscailt) faoi chomhchuid 7.3 (Athchóiriú cuimsitheach ar an gComhairle maidir leis an Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice (REPOWER EU)); sprioc 336 faoi bheart 4 (Coinníollacha cumasúcháin maidir le bonneagar breoslaí ionadúla astaíochtaí nialasacha) faoi chomhchuid 7.5 (Dícharbónú an Iompair de Bhóthar (REPOWER EU)) agus sprioc 345 faoi bheart 2 (Limistéir luasghéaraithe in-athnuaite) faoi chomhchuid 7.7 (Próisis Cheadaithe Chomhshaoil a Shimpliú agus Limistéir a Shainiú chun Foinsí In-athnuaite Fuinnimh a Fhorbairt (REPOWER EU)). Ar a bhonn sin, d'iarr an tSeicia na garspriocanna thuasluaite agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go leasófaí an tuairisc ar bheart 3 (Seirbhísí digiteacha don cheartas) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí) agus beart 2 (Feasacht a mhúscailt) faoi chomhchuid 7.3 (Athchóiriú Cuimsitheach ar an gComhairle maidir leis an Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice (REPOWER EU)). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Ina theannta sin, d'iarr an tSeicia cead na hacmhainní a úsáid a saoradh leis an laghdú ar leibhéal na meastachán costais le haghaidh spriocanna 69; 70, 189 agus 230 faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a ardú. Baineann sé sin le spriocanna 195 agus 197 faoi bheart 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair ); agus le sprioc 292 faoi bheart 5 (Cabhair le haghaidh taighde agus forbartha i bhfiontair i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta RIS3) faoi chomhchuid 5.2 (Tacaíocht do Thaighde agus Forbairt i gCuideachtaí agus Nuálaíochtaí i gCleachtas Gnó a thabhairt isteach). Ar a bhonn sin, d'iarr an tSeicia cead leibhéal cur chun feidhme cheangailtigh na ngarspriocanna thuasluaite agus na spriocanna thuasluaite a ardú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an tSeicia go bhfuil cúig bheart nach féidir a bhaint amach a thuilleadh ina n-iomláine mar gheall ar imthosca oibiachtúla. Mhínigh an tSeicia nach féidir garsprioc 7 faoi bheart 1 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí) a bhaint amach a thuilleadh ina iomláine, toisc nach ann don sochar scoir liostaithe i gcóras pinsean na Seice. Mhínigh an tSeicia nach féidir sprioc 9 faoi bheart 1 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí) a bhaint amach a thuilleadh ina iomláine, de bharr thabhairt isteach chomhthreomhar ceanglas dhlíthiúla nua lenar cuireadh moill ar an tionscadal. Mhínigh an tSeicia nach féidir spriocanna 18 agus 19 faoi bheart 1 (Córais faisnéise aonair a fhorbairt agus a fheabhsú) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Riaracháin Phoiblí Dhigiteacha) a bhaint amach a thuilleadh ina n-iomláine, mar gheall ar mhoilleanna ar sholáthar mar gheall ar nós imeachta an údaráis iomaíochta atá ar feitheamh. Mhínigh an tSeicia nach féidir garsprioc 193 faoi bheart 3 (Athchóiriú ar

chúram fadtéarmach) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair) a bhaint amach a thuilleadh, toisc go bhfuil moill á cur ar chodanna den chur chun feidhme mar gheall ar mhoilleanna ar atógáil réamhriachtanach saoráidí. Mhínigh an tSeicia nach féidir sprioc 230 faoi bheart 4 (Tacaíocht do thaighde agus d'fhorbairt in éifeachtaí sineirge leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht) faoi chomhchuid 5.2 (Tacaíocht do Thaighde agus Forbairt i gCuideachtaí agus Nuálaíochtaí i gCleachtas Gnó a thabhairt isteach ) a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gur iarr na hiarratasóirí níos lú tacaíochta. Ar a bhonn sin, d'iarr an tSeicia garsprioc 7, sprioc 9, sprioc 18, sprioc 19, garsprioc 193 agus sprioc 230 a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(8) Measann an Coimisiún, de bharr na gcúiseanna arna gcur chun cinn ag tSeicia, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2023 a leasú dá réir.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(9) Sainaithníodh 39 n-earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do 39 gcinn de gharspriocanna agus spriocanna agus do 16 bheart faoi 12 chomhpháirt. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 1 Meitheamh 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an tSeicia. Baineann na hearráidí cléireachais sin le spriocanna 3, 4, 5 agus 6 de bheart 2 (Seirbhísí rShláinte), garsprioc 11 agus spriocanna 12 agus 245 de bheart 2 (Sonraí oscailte agus ciste poiblí a fhorbairt), garsprioc 13 agus sprioc 14 de bheart 3 (Seirbhísí digiteacha don cheartas) agus garsprioc 246 de bheart 4 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), garspriocanna 20, 21 agus 22 de bheart 2 (Clárlanna lárnacha agus croí-áiseanna a forbairt le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais), garspriocanna 23 agus 24 de bheart 3 (An Chibearshlándáil), garsprioc 247 agus sprioc 248 de bheart 5 (Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála), sprioc 249 de bheart 6 (Córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Riaracháin Phoiblí Dhigiteacha), sprioc 44 de bheart 3 (Tacú le bonneagar móibíleach 5G a fhorbairt i gceantair bhána atá dian ar infheistíocht tuaithe ) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí digiteacha ardtoillte), garsprioc 250 de bheart 2 (Mol Faireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO)), sprioc 59 de bheart 7 (Cláir Rise Up na Seice) agus garsprioc 61 de bheart 9 (Cistí chun infheistíochtaí réamhshíolta, teicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha agus seach-chuideachtaí ollscoile a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Nuathionscnaimh Nuathionscanta agus Teicneolaíocht Nua), garsprioc 77 de bheart 3 (Leas Iomlán a bhaint as rialú foirgneamh a dhigitiú) faoi chomhchuid 1.6 (Luasghéarú agus Digitiú an Phróisis Tógála), garsprioc 79 de bheart 1 (Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ó thaobh fuinnimh agus spáis de a chruthú) faoi chomhchuid 2.5 (Iompar Inbhuanaithe), sprioc 124 de bheart 2 (Tacaíocht do thionscadail comhphobal fuinnimh) agus sprioc 129 de bheart 2 (Athsholáthar foinsí do-aistrithe truaillithe i dteaghlaigh ina bhfuil foinsí in-athnuaite) faoi chomhchuid 2.5 (Athchóiriú Foirgníochta agus Cosaint Aeir), sprioc 136 de bheart 2 (Mionchúrsaí uisce agus taiscumair uisce) faoi chomhchuid 2.6 (Cosaint an Dúlra agus Oiriúnú don Athrú Aeráide), spriocanna 154 agus 155 de bheart 1 (Cabhair infheistíochta chun láithreán

athfhorbraíochta shonracha a athghiniúint) spriocanna 156 agus 157 de bheart 2 (Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht bardas agus réigiún a athghiniúint le haghaidh úsáid neamhghnó), spriocanna 158 agus 159 de bheart 3 (Cabhair infheistíochta chun láithreáin athfhorbraíochta atá faoi úinéireacht bardas agus réigiún a athghiniúint le haghaidh úsáid ghnó) faoi chomhchuid 2.8 (Athbheochan Láithreán Athfhorbraíochta), sprioc 276 de bheart 4 (Athchóiriú i gcúram na leanaí atá i mbaol) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair), sprioc 285 de bheart 4 (Éifeachtacht an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a mhéadú agus chun cur chun feidhme an Phlean sin a fheabhsú) faoi chomhchuid 4.1 (Tacaíocht shistéimeach don infheistíocht phoiblí), sprioc 215 de bheart 1 (Éifeachtúlacht a mhéadú, treoshuíomh ar son na gcliant agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaise-bhunaithe sa riarachán poiblí), faoi chomhchuid 4.4 (Éifeachtúlacht an Rialacháin Phoiblí a Fheabhsú), garsprioc 311 de bheart 1 (Ionad Sonraí Leictreachais) faoi chomhchuid 7.2 (Tacú le dílárú agus digitiú na hearnála fuinnimh), spriocanna 320 agus 321 de bheart 2 (Treoraíocht faoi shonraí agus modheolaíocht agus cúrsaí oiliúna le haghaidh an chórais chomhairligh) faoi chomhchuid 7.3 (Athchóiriú Cuimsitheach ar an gComhairle maidir leis an Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice); agus an tuairisc ar an mbeart/na bearta seo a leanas: beart 1 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh) agus beart 4 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), beart 2 (Clárlanna lárnacha agus croí-aoiseanna a fhorbairt le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais), beart 2 (Forbairt córas a thacaíonn le rShláinte ), beart 5 (Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Riaracháin Phoiblí Dhigiteacha), beart 1 (Nasc ardacmhainneachta a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardtoillte), beart 7 faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Nuathionscnaimh Nuathionscanta agus Teicneolaíocht Nua), beart 3 (Claochlú digiteach na gcuideachtaí monaraíochta agus neamhtháirgthe agus cur lenar a n-athléimneacht) faoi chomhchuid 1.5 (Aistriú Digiteach Fiontar), beart 3 (An tairbhe is fearr is féidir a bhaint as an rialú foirgníochta a dhigitiú) faoi chomhchuid 1.6 (Luasghéarú agus Digitiú an Phróisis Tógála), beart 1 (Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ó thaobh fuinnimh agus spáis de a chruthú) faoi chomhchuid 2.5 (Iompar Inbhuanaithe), beart 1 (Teacht i bhfeidhm an Achta um Thithíocht Inacmhainne) faoi chomhchuid 2.10 (Tithíocht Inacmhainne), beart 1 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair a Nuachóiriú), beart 1 (Éifeachtúlacht a mhéadú, treoshuíomh ar son na gcliant agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaise-bhunaithe sa riarachán poiblí) faoi chomhchuid 4.4 (Éifeachtúlacht an Riaracháin Phoiblí a Fheabhsú), beart 2 (Treoraíocht faoi shonraí agus modheolaíocht agus cúrsaí oiliúna le haghaidh an chórais chomhairligh) faoi chomhchuid 7.3 (Athchóiriú Cuimsitheach ar an gComhairle maidir leis an Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice); agus an tuairisc ar chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), comhchuid 1.2 (Córais Riaracháin Phoiblí Dhigiteacha), comhchuid 2.10 (Tithíocht inacmhainne), comhchuid 7.7 (Próisis cheadaithe chomhshaoil a shimpliú agus réimsí a shainiú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(10) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSeicia chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach

sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; SST 11047/21 COR 1 ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 43,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 98,6 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(12) Baineann na modhnuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú glas le hath-leithdháileadh acmhainní airgeadais idir infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú — seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe, othar seachtrach agus allamuigh a atógáil, lena n-áirítear saoráidí, acmhainneacht atá ann cheana a ath-thiontú), infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú — seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe, othar seachtrach agus allamuigh a atógáil, lena n-áirítear saoráidí, acmhainneacht atá ann cheana a ath-thiontú (i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh)), infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú — gluaisteáin leictreacha, agus infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú — gluaisteáin hibrideacha) de chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair, agus infheistíocht 4 (Cabhair do thaighde agus d'fhorbairt in éifeachtaí sineirge leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht) de chomhchuid 5.2 (Tacaíocht do thaighde agus forbairt i gcuideachtaí agus nuálaíochtaí a thabhairt isteach i gcleachtas gnó). Tá méadú ar an rannchuidiú foriomlán leis an sprioc aeráide i gceist leis sin. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na modhnuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim ar 20.9 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

Baineann na modhnuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach le hath-leithdháileadh acmhainní airgeadais idir infheistíocht 1 (Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus náisiúnta) agus infheistíocht 2 (an tSaoráid Eorpach um Thástáil Tagartha agus Thurgnamhach) i gcomhchuid 1.5 (Claochlú digiteach fiontar). Tá laghdú ar an rannchuidiú foriomlán leis an sprioc dhigiteach i gceist leis sin. Ní

athraíonn raon feidhme teoranta na modhnuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

***Measúnú dearfach***

(14) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfar amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(15) Is é EUR 9 233 011 652 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Seicia. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don tSeicia, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 20(4), Airteagal 21a(6) agus Airteagal 21b(2) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Seicia a bheith comhionann le EUR 8 409 179 142.

(16) Cinneadh Cur Chun Feidhme 11047/21 INIT ón gComhairle; ST 11047/21 ADD 1; Ba cheart, dá bhrí sin, ST 11047/21 COR 1 an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Seicia a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-in-aisíoctha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*
*Seolaithe*

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*